AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0004/2013**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais**

## STRAITÉIS SLÁINTE CEIRDE DO MHÚINTEOIRÍ CÁILITHE AGUS DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

I mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta

De thoradh fhorálacha Bhuiséad 2013 don Oideachas a d'eascair as dúshláin eacnamaíocha reatha, is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna na socruithe leasaithe maidir le tarchur múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta.

Tabharfar na socruithe nua isteach ar bhonn céimnithe mar a leanas:

- Ón 1 Feabhra 2013, caithfear aon mhúinteoir a bhfuil saoire bhreoiteachta leanúnach 4 sheachtaine nó 12 sheachtain charnach aige/aici i dtréimhse rollach 12 mhí agus aon chúntóir riachtanas speisialta a bhfuil 4 sheachtain de shaoire bhreoiteachta leanúnach nó 8 seachtain charnach i dtréimhse rollach 12 mhí aige/aici, a tharchur chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde (OHS).

- Ón 1 Eanáir 2014, caithfear aon mhúinteoir/chúntóir riachtanas speisialta ar shaoire bhreoiteachta a bhfuil 4 sheachtain saoire bhreoiteachta leanúnach nó charnach aige/aici i dtréimhse rollach 12 mhí a tharchur chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

Chun cuidiú le fostóirí rochtain a fháil ar an tseirbhís tá Lámhleabhar Ghnáthnósanna Imeachta leasaithe de chuid na Seirbhíse Sláinte Ceirde ag gabháil leis an imlitir seo.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le feidhmiú mar atá thuas agus tiocfaidh siad in ionad gach imlitir, meamram, rialacha agus rialacháin roimhe seo maidir le measúnú inniúlachta sláinte roimh fostaíochta nó lena linn.

Féadtar rochtain a fháil ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Eolas – Straitéis.

Ba chóir aon cheist a thabhairt ar aird bhainistíocht na scoile ar dtús a bhféadfadh fonn a bheith air dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch, agus a bhféadfadh fonn a bheith ar an eagraíocht ionadaíoch dul i gcomhairle tuilleadh leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie


Dalton Tattan
Rannóg Múinteoirí/SNA's
Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha
14 Eanáir 2013

Padraig Maloney
Rannóg Párolla

14 Eanáir 2013